# ÓGRAS

# Oifigeach Forbartha Óige:

## (Lán-Aimseartha )

## Sainchuntas Poist

## agus

## Sonraíocht Phearsanta

**Cúlra**
Bhunaigh Conradh na Gaeilge Ógras chun seirbhís óige a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Is eagraíocht uile-oileanda í le ballraíocht de timpeall 1,000 duine óg. Tugann Ógras cúnamh agus tacaíocht le clubanna óige a bhunú agus a bhuanú timpeall na tíre, chomh maith le traenáil a chur ar fáil i réimse leathan ábhar.

**Fís**
Go mbeadh an Ghaeilge á húsáid mar theanga phobal ag daoine óga na hÉireann, agus tuiscint fhorleathan acu ar an oidhreacht Ghaelach agus ar an gcultúr Gaelach agus go mbeadh an fhéinmhuinín agus an cumas acu a n-acmhainn a bhaint amach le bheith lánpháirteach sa phobal trí mheán na Gaeilge.

**Misean**

- An Ghaeilge agus an cultúr agus oidhreacht Ghaelach a chur chun cinn i measc daoine óga trí spásanna agus deiseanna a thabhairt do dhaoine le bheith ar a suaimhneas agus an Ghaeilge á húsaid acu mar chuid de phobal na Gaeilge atá ag dul i méid.

- Timpeallachtaí sábhailte a chruthú ar bhealach atá spraíúil, nua-aoiseach agus comhaimseartha, a spreagann agus a chuireann ar chumas daoine óga taitneamh a bhaint as a bheith ag úsáid na Gaeilge.

- Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann macnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisilata trí ghníomhaíochtaí spraíúla, spóirt agus fóillíochta.

**Lonnaithe**: Mar gheall ar an chineál poist atá ann beidh gá taisteal a dhéanamh go leitheadach ar fud an réigiún. ( Laighean & Uladh)

**Maoinitheoir**: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Príomhfheidhm an phost*:*

Beidh an tOifigeach Forbartha fostaithe chun tacaíocht a chur ar fáil le soláthar óige trí Ghaeilge a bhunú agus a fhorbairt agus le tacú le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail i measc an óige.

## Aidhmeanna

1. Cur le soláthar seirbhíse óige
2. Forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin & éagsúlacht an tsoláthar óige atá ann cheana féin;
3. Imeachtaí réigiúnach & naisiúnta a eagrú agus a bhuanú;
4. Traenáil agus Oiliúint a chur ar cheannairí óige;
5. Tacaíocht agus Comhairle a thabhairt do cheannairí na gclubanna
6. Tacaíocht & Oiliúint a chur ar cheannairí maidir le cláracha óige Ógras

## *Spriocanna*

Beidh ar an Oifigeach Forbartha measúnú a dhéanamh ar an éileamh atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn le seirbhísí óige Ógras a fhorbairt agus tacú leis sin. Beidh na spriocanna seo a leanas mar chuid den phost:

1. Teagmháil a dhéanamh leis na clubanna atá ag feidhmiú sa cheantar faoi láthair agus tacaíochta chur ar fáil do na ceannairí deonacha
2. Ceannairí nua a earcú nuair is gá
3. Ceannairí a earcú & tacaíocht a chur ar fáil do chlubanna sain-spéise atá ag feidhmiú sa cheantar
4. Traenáil agus Cúrsaí Oiliúna cuí a sholáthar mar is gá;
5. Oiliúint a chur ar cheannairí maidir le Cosaint Páistí
6. Imeachtaí réigiúnda agus Campaí Samhraidh a eagrú;
7. Teagmháil leis na húdaráis cuí chun maoiniú a chinntiú do na clubanna sa reigiún;
8. Fógraíocht agus Poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí Ógras.
9. Tuairiscí a chur i gcríoch go rialta.
10. Sonraí teagmhála na gclubanna a choinneáil suas chun dáta
11. Freastal ar chruinnithe thar cheann an eagraíocht nuair is gá
12. Iarratais mhaoinithe a dhéanamh chun gníomhaíochtaí óige breise a chur i bhfeidhm thar thréimhse níos faide;
13. Tacú le forbairt clár idirnáisiúnta na heagraíochta
14. Clubanna a chlarú leis na Boird Oideachais Óiliúna & a chinntiú go bhfuil siad ag cloí leis an Chreat Chaighdeán Caillíochtaí do Chlubanna Óige Deonacha

**Sonraíocht Phearsanta**
**Critéir Riachtanach**

## Tiomáint/Iompar

- **Ceadúnas tiomána reatha agus úsáid cairr**

## Scileanna

- Scileanna cruthaithe cumarsáide idir labhairt agus scríobh i nGaeilge agus i mBéarla – cur i láthair san áireamh;
- Scileanna idirphearsanta agus cumasaithe coistí;
- Scileanna anailíse agus scríofa tuairiscí;
- Scileanna cruthaithe ualach oibre a eagrú agus a láimhsiú;
- Scileanna cruthaithe pleanála;
- Ardscileanna ríomhaireachta

## Pearsanacht

- Scileanna taidhleoireachta;
- Scileanna idirbheartaíochta;
- Scileanna comhréitigh;
- Bheith in inmhe glacadh le treoir agus comhairle a leanúint agus a chur i gcrích;
- Bheith féinspreagtha & ábalta obair as a stuaim féin

## Taithí

- Taithí ar bheith ag obair le daoine óga ;
- Taithí ar chúrsaí oiliúna a chur ar fáil;
- Taithí ar bhunú grúpaí/coistí nó ar bheith ag plé leo;
- Taithí ar fhorbairt pobail.
- Taithí ar oideachas neamh-fhoirmeálta

## Eolas

- Eolas ar Ógras agus ar an earnáil óige;
- Eolas ar an Stráitéis Náisiúnta don Óige
- Eolas ar fhoinsí maoinithe agus ar iarratais a dhéanamh;
- Eolas agus tuiscint ar riachtanaisí daoine óga
- Eolas ar fheidhmiú coistí.

## Cáilíochtaí

- Cáilíocht sa Ghaeilge;
- Cáilíocht 3ú leibhéal in obair óige nó obair pobail nó i réimse gaolmhara nó a chomhionann taithí

**Príomhshonraí**

Tuarastal: Le tosnú idir €26,122 - €29,465
Post Lán-aimseartha
Laethanta Saoire: 21 lá pro rata.